



NUI Galway
OÉ Gaillimh

Library
An Leabharlann

Straitéis na Leabharlainne

An Stair a Chaomhnú,
an Todhchaí a Chumasú

2021-2025



Beidh saineolas,
solúbthacht agus
tiomantas fhoireann
na Leabharlainne
mar bhunchloch
don rath i gcónaí.

Réamhrá

Déanann an Leabharlann in OÉ Gaillimh iarracht gach rud a láimhseáil go cothrom. Ar láimh amháin, tugaimid rochtain fhadtréimhseach chuig an léann ón am a caitheadh agus, go deimhin, ón am i láthair. Anuas air sin, soláthraimid an saineolas, na spásanna agus na teicneolaíochtaí a chuireann cineálacha nua foghlama agus taighde ar fáil don todhchaí. Chomh maith leis sin, tá freagracht orainn as ár mbailiúcháin chlóite a bhainistiú agus tacú lenár réigiún chomh maith le bailiúcháin dhigiteacha a fhorbairt agus cuidiú le dúshlán dhomhanda a chomhlíonadh. Éascaímid neamhspleáchas úsáideoirí agus ag an am céanna cinntimid tacaíocht oilte ó fhoireann na Leabharlainne; cuirimid cúnamh ar líne ar fáil ach táimid ar fáil duine le duine freisin; agus déanaimid ár ndícheall cur leis an éagsúlacht sna bailiúcháin agus aitheantas a thabhairt do thábhacht speisialta na Gaeilge agus oidhreacht ár réigiúin. Tá tiomantas sa straitéis seo an obair seo ar fad a láimhseáil go cothrom.

Níl aon fhasach ag an straitéis seo, a chuimsíonn an tréimhse 2021-2025. Agus é seo á scríobh, tá paidéim an choróinviris fós ag cur isteach ar an ngnáthshaol mar a bhí roimhe seo, go mór mór san ardoideachas. Tá dhá fhorbairt ar leith ar na bacáin sa Leabharlann. Beidh an fhoireann, seirbhísí agus bailiúcháin ag athlonnú ar feadh dhá bhliain chun go ndéanfar obair thógála ar Leabharlann Shéamais Uí Argadáin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ceathrú d'fhoireann na Leabharlainne a bheith ag dul ar scor sa tréimhse seo, rud a chiallaíonn go gcaillfear eolas agus taithí luachmhar.

Tá go leor deiseanna againn, áfach. Tá foireann agus úsáideoirí na Leabharlainne ag freagairt ar bhealach solúbtha don phaindéim a chuir dlús le hathrú digiteach, agus a spreag gach duine le smaoineamh ar bhealach éagsúil faoi sheirbhísí, faoi bhailiúcháin agus faoi spásanna. Soláthraíonn an Leabharlann Dhigiteach ardán den scoth ar féidir tógáil air mar áisitheoir do rochtain mhéadaithe ar líne, táirgiúlacht agus cruthaitheacht. Ó tharla go mbeidh foirgneamh Leabharlann Shéamais Uí Argadáin á athrú d'fhonn timpeallacht foghlama spreagúil a chothú, áit a mbaileoidh

lucht léinn agus an pobal le chéile, cruthófar go leor féidearthachtaí don Leabharlann agus don Ollscoil. Spreagfaidh athruithe foirne fócas sláintiúil ar phleanáil chomharbais, ar fhorbairt foirne agus ar bhunú fhoireann cheannaireachta na chéad ghlúine eile.

Tá roinnt téamaí le sonrú arís agus arís eile sa straitéis seo. Ailíniú le straitéis na hOllscoile, **Fís i gCoiteann, Múnlaíthe ag Luachanna**, tagann sé seo go maith le luach fadbhunaithe na leabharlann chun leas an phobail a chur chun cinn. Má thuigtear an comhthéacs athraitheach ina bhfeidhmíonn úsáideoirí Leabharlainne cuireann sé sin le fís agus le tosaíochtaí do gach ceann de na cúig théama, agus tugtar aitheantas do roghanna, ionchais agus féidearthachtaí nua. Múnlaíonn siad seo ról athraitheacha na Leabharlainne san fhoghlaim agus sa taighde. Aithníonn an straitéis éagsúlacht na gcúlraí agus na dturas a mbíonn ár bpobail orthu. Tá feasacht láidir ar idirspleáchas ar dhaoine eile ar an gcampas agus ar luach comhpháirtíochtaí chun comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn. Tuigeann foireann na Leabharlainne an pháirt is féidir leo a bheith acu agus aghaidh á tabhairt ar na tosaíochtaí domhanda a leagtar amach i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Is straitéis uailmhianach í seo, a eascraíonn as próiseas luachmhar comhairliúcháin thar thréimhse 18 mí. Rinneadh an-dul chun cinn sa straitéis roimhe seo, **An tAistear i dtreo 2020**, sna cuspóirí tosaíochta go léir agus táimid dóchasach dá réir gur féidir an rud céanna a bhaint amach an uair seo. Beidh saineolas, solúbthacht agus tiomantas fhoireann na Leabharlainne mar bhunchloch don rath i gcónaí. Beidh tacaíocht rannpháirteach ó Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile riachtanach chun infheistíocht leanúnach a chinntiú i ndaoine, i mbailiúcháin agus i dteicneolaíochtaí atá ag teastáil. B'fhéidir nach mbeidh sé éasca i gcónaí ach tabharfaimid aghaidh ar an mbóthar romhainn le meon tacaíochta, muiníne agus spleodar.

John Cox
Leabharlannaí na hOllscoile

Tabhair do d'aire: Tacóidh plan straitéiseach na Leabharlainne le tiomantais, príomhghníomhartha agus tosaíochtaí forbartha caipitil a d'ainmnigh an Ollscoil ina straitéis go dtí 2025. Tá sé seo le sonrú sna tagairtí alfa-uimhriúla i bhfóirscript, e.g. ^{AE06}, ^{AP04}, ar fud an téacs agus tá liosta iomlán san aguisín de thiomantais, gníomhartha agus tionscadail chaipitil na hOllscoile a gcuideoidh an Leabharlann lena gcur chun cinn.

Téamaí Straitéiseach a



Ár Bhfís

Go bhfeidhmeoidh an Leabharlann mar ghorlann OÉ Gaillimh d'fhionnachtain, roinnt agus foilsiú eolais léannta agus go mbeidh sí ina hinspreagadh don rathúlacht.

Foireann na Leabharlainne





A Bheith Digiteach

An Fhís do 2025

Tá Leabharlann Dhigiteach OÉ Gaillimh oscailte agus inrochtana dár bpobail uile. Tá sé áisiúil gnó leabharlainne a dhéanamh ar líne agus cuireann sé le do chuid foghlama nó do chuid taighde. Is ardán táirgiúlachta í an Leabharlann Dhigiteach toisc go dtugann sí rochtain ar sheirbhísí, ar bhailiúcháin agus ar thacaíochtaí go héasca agus go sofhreagrach. Is furasta teacht ar bhailiúcháin dhigiteacha, a chruthaítear go háitiúil go minic, agus tacaíonn siad leis an léann. Suíomh ardteicneolaíochta é an foirgneamh nua Leabharlainne a chuireann cruthaitheacht chun cinn agus a ullmhaíonn mic léinn do shaol na hoibre agus na foghlama sa todhchaí. Spreagann an timpeallacht dhinimiciúil seo fionnachtain, nuálaíocht, agus comhpháirtíochtaí idirdhisciplíneacha nua. Tá an ghné dhaonna thar a bheith tábhachtach agus soláthraíonn foireann na Leabharlainne sainchomhairle duine le duine agus ar líne.

Comhthéacs

Bíonn tionchar as cuimse ag athruithe domhanda sa teicneolaíocht ar an gcaoi a bhfeidhmíonn ollscoileanna agus leabharlanna. Déanann an Leabharlann a dícheall i gcónaí ionchais, roghanna agus iompraíochtaí athraitheacha úsáideoirí a thuiscint agus seirbhísí a fhorbairt dá réir. Is léir athrú cinnte i dtreo rochtain dhigiteach, a bhrostaigh an taithí le linn phaindéim an choróinviris agus lena n-áirítear teagasc, foghlaim agus taighde príomhshrutha ar líne. Ciallaíonn sé seo gur cheart tús áite a thabhairt do rochtain dhigiteach, a léirítear trí ábhair i bhformáid ar líne a cheannach nuair atá siad ar fáil, taighde digiteach a chumasú, tacaíocht chianda seirbhíse a sholáthar agus saoránacht dhigiteach éifeachtach a chur chun cinn maidir le cruthú, roinnt agus príobháideacht dhigiteach atá freagrach.

Leanfaidh an Leabharlann uirthi ag cuimsiú chumhacht na teicneolaíochta digití, ag leasú an chaoi a ndéanaimid ár ngnó agus ag dearadh foirgneamh Leabharlainne nua, atá cumasaithe go digiteach agus a fhreastalóidh ar riachtanais ár bpobail sa todhchaí ^{AE06}, ^{PB03}. Spreagfaidh spásanna lán le teicneolaíocht fiosracht agus comhoibriú, rud a chuirfidh ar chumas mic léinn smacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin agus a bheith ina gcomhchruthaitheoirí gníomhacha eolais seachas a bheith ag bailiú eolais go héighníomhach amháin ^{CR05}. Beidh meascán teicneolaíochtaí ann, lena n-áirítear teicneolaíochtaí inchaite, tumtha agus cliste.

Féachfaidh an Leabharlann leis na deiseanna a thapú a chuireann intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim ar fáil don léann atá tiomanta ag sonraí, lena n-áirítear bailiúcháin mar shonraí, téacs agus mianadóireacht sonraí agus cuardach agus fionnachtain chliste ^{CE10}. Beidh maoirseacht sonraí ina réimse saineolais tábhachtach d'fhoireann na Leabharlainne a leanfaidh orthu ag forbairt a gcuid scileanna agus seirbhísí chun tacú le húsáideoirí, ag aithint an tábhacht a bhaineann le cúnamh agus treoir dhaonna. Tá an Leabharlann tiomanta an timpeallacht dhigiteach a bharrfheabhsú chun tacú le teagasc, taighde agus staidéar ar líne; áireofar leis seo comhpháirtíocht le soláthraithe córas chun bonneagair láidre, ardfheidhmiúla agus néal-bhunaithe go minic a sholáthar.

Tosaíochtaí

An Taithí Dhigiteach

Tá sé mar aidhm i straitéis na hOllscoile eispéireas teagaisc agus foghlama den scoth a chur ar fáil a bheidh dírithe ar an mac léinn agus treoraithe ag an taighde. Déanfaidh an Leabharlann a dícheall eispéireas digiteach ár n-úsáideoirí a fheabhsú trí bhealaí nua fionnachtana agus cumarsáide a oscailt, acmhainní agus tacaíochtaí nua ar líne a chruthú agus an Leabharlann a leabú sa churaclam. Tosaíocht eile a bheidh againn ná oibriú go réamhghníomhach le páirtithe leasmhara na hOllscoile chun na scileanna taighde, litearthachta digití agus faisnéise a thabhairt do mhic léinn atá riachtanach chun a bheith ina gceannairí ina réimsí féin ^{CE02}, ^{AE03}.

Bailiúcháin Dhigiteacha

Is iad na bailiúcháin croí an léinn agus beidh rochtain dhigiteach ar fáil a mhéid is féidir, chun an rochtain a uasmhéadú agus chun cineálacha nua idirghníomhaíochta le téacs agus sonraí a chumasú ^{AE11}. Cuirfidh an Leabharlann béim ar éifeachtacht agus ar chuimsitheacht a cuid uirlisí fionnachtana, ag treisiú an léirshamhlaithe agus na dteicneolaíochtaí gaolmhara.

Beidh comhpháirtíocht leis an bhfoireann acadúil i gceist le bailiúcháin dhigiteacha a fhorbairt, go háirithe chun rochtain éasca a fháil ar ábhair foghlama modúl, lena n-áirítear úsáid níos mó a bhaint as Acmhainní Oideachais Oscailte chun costais téacsleabhar do mhic léinn a laghdú ^{AP03}, ^{AP04}. Cuideoidh clár digitithe bliantúil do chartlanna agus do bhailiúcháin speisialta an rochtain a uasmhéadú. Beimid in ann ár n-oidhreacht dhigiteach san am a chuaigh thart agus san am i láthair a choimeád trí pholasaí caomhnaithe dhigitigh a chur i bhfeidhm.

Cruthaitheacht Dhigiteach

Beidh spásanna do thurgnaimh, comhoibriú agus cruthú i dtimpeallacht dhigiteach sa Leabharlann nua ^{AE06}, ^{PB03}. Éascóidh spásanna den sórt sin comhráite idir foireann na Leabharlainne agus úsáideoirí maidir le huirlisí agus modhanna digiteacha a úsáid sa léann agus sa seomra ranga.

Léann Oscailte

An Fhís do 2025

Tá léann OÉ Gaillimh oscailte agus ag cur le sochaí chothrom áit a bhfuil rochtain níos fearr ag gach duine ar eolas a chuidíonn leo cinntí níos fearr a dhéanamh. Tá ár gcuid taighdeoirí oilte i gcleachtais léinn oscailte agus tá siad tiomanta dóibh. Tá siad ag obair ar bhealach oscailte ar feadh an taighde ar fad, ag úsáid ionchuir atá inrochtana go hoscailte agus ag cur aschur a gcuid taighde ar nós foilseachán agus sonraí ar fáil go hoscailte. Éascaíonn bonneagar a sholáthraíonn nó a chumasaíonn an Leabharlann, go minic i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus Eorpacha, foilsitheoireacht oscailte. Tá léachtóirí ag cruthú Acmhainní Oideachais Oscailte ina gcuid teagaisc agus ina gcuid foghlama, agus tá mic léinn á n-úsáid. Is furasta teacht ar chartlanna agus ar bhailiúcháin speisialta na Leabharlainne agus tá siad ar fáil go hoscailte don phobal i gcoitinne go digiteach agus go fisiciúil.



Comhthéacs

Pléann léann oscailte le gach gníomhaíocht léannta, ag fáil réidh le haon srianta a bhíonn ar shreabhadh an eolais acadúil. Cuireann sé cineálacha cur chuige nua chun cinn maidir leis an bpróiseas taighde, oideachais agus nuálaíochta, ag cinntiú go ndéantar foilseacháin agus aschuir eile a bhainistiú agus a mheas i gceart agus go heiticiúil agus go gcuirtear ar fáil go héasca iad faoi théarmaí a chinntíonn gur féidir an obair agus na sonraí agus modhanna a athúsáid, a athdháileadh agus a atáirgeadh.

Tá leas an phobail i gcroílár an léinn oscailte mar phríomhchuid de shochaí chothrom oscailte. Cuireann sé ar chumas phobail níos leithne na hOllscoile a bheith ina bhfoghlaimoirí agus ina dtaighdeoirí ar feadh an tsaoil agus laghdaíonn sé éagothroime trí rochtain ar an léann, ar acmhainní oideachais agus ar bhailiúcháin oidhreacht a oscailt ^{CP02}. Tacaíonn sé le leas an phobail trí thaifid agus béaloideas na n-imeachtaí a théann i bhfeidhm ar ár sochaí a ghabháil agus a chur ar fáil.

Mar gheall go bhfuil OÉ Gaillimh oscailte tá an ollscoil ar an stáitse idirnáisiúnta mar chomhoibritheoir réamhghníomhach don nuálaíocht, don rannpháirtíocht agus don chruthaitheacht. Trí thaighde na hOllscoile a dhéanamh inrochtana go domhanda agus go hoscailte méadaítear a réimse, a tionchar agus a cáil ^{AP06}, ^{AE13}. Cuireann léann oscailte próiseas taighde níos comhoibrithe, níos eiticiúla agus níos trédhearcaí chun cinn agus éascaíonn sé comhpháirtíochtaí laistigh agus lasmuigh den Ollscoil leis an bpobal níos leithne agus le comhpháirtithe domhanda ^{CP04}.

Cuideoidh an Leabharlann le timpeallacht a chruthú inar féidir le léann oscailte bláthú ^{AP04}. Áireofar leis seo forbairt leanúnach na n-ardán foilsitheoireachta áitiúil chun rochtain oscailte ar aschuir Ollscoile a shruthlíniú agus bonneagair chomhroinnte sonraí trasnáisiúnta a úsáid cosúil le Néaleolaíocht Oscailte na hEorpa (EOSC) de réir mar is cuí ^{CE10}. Cuirfidh comhoibriú le maoinitheoirí taighde agus le comhpháirtithe áitiúla, lena n-áirítear an Oifig Taighde agus Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise, léann oscailte chun cinn, rud a chiallóidh córais mheasúnaithe taighde atá níos cothroime agus níos leithne. Cuirfidh caidreamh nua le foilsitheoirí léannta infheistíocht ar fáil sna hacmhainní atá ann cheana i seirbhísí foilsitheoireachta rochtana oscailte.

Tosaíochtaí

Ceannaireacht Smaointeoireachta

Beidh an Leabharlann ina ceannaire smaointeoireachta maidir le léann oscailte a chur chun cinn ar an gcampas, ag roinnt tráchtairachtaí agus léirmhíntithe saineolaithe faoi fhorbairtí de réir mar a tharlaíonn siad. Is é an aidhm a bheidh leis tacú le cinnteoireacht na hOllscoile sa réimse seo agus tionchar a imirt uirthi. Ag an am céanna, tabharfar aitheantas don luach a bhaineann le ceannaireacht ón mbarr a cheangal le gníomhaíochtaí an phobail cosúil le Pobal Léinn Oscailte na Gaillimhe. Leathnófar an clár oiliúna scileanna, tacaíochta agus comhairle maidir le cleachtais léinn oscailte ^{AP04}.

Tacú le Bonneagair

Beidh sé mar thosaíocht bonneagair a fhorbairt chun tacú le léann oscailte ^{AE13}. Go háitiúil, seolfaidh an Leabharlann ardán foilsitheoireachta oscailte OÉ Gaillimh d'aschuir taighde Ollscoile agus d'Acmhainní Oideachais Oscailte, ag cinntiú athbhreithniú éifeachtach piaraí, rialú cóipchirt, in-aimsitheacht agus caomhnú ^{AP04}. Beidh an fócas go náisiúnta ar chomhoibriú chun comhaontuithe bunathraitheacha a aontú le foilsitheoirí a chuireann rochtain oscailte ar thaighde OÉ Gaillimh ar fáil, agus a thacóidh le stór sonraí oscailte náisiúnta a fhorbairt ^{CP04}.

Cleachtais Leabharlainne Oscailte

Beidh an Leabharlann oscailte ina cuid gníomhaíochtaí go léir, trí na cláir scileanna agus na ceardlanna a eagraíonn sí a chur ar fáil go hoscailte, trí rochtain a thabhairt ar chartlanna agus ar bhailiúcháin speisialta nuair is féidir agus trí chomhoibriú le comhpháirtithe domhanda, náisiúnta agus réigiúnacha chun bailiúcháin roinnte agus taispeántais a fhorbairt ^{CC04}, ^{CP04}.





Foghlaim a Spreagadh

An Fhís do 2025

Is í an Leabharlann, taobh amuigh de léachtaí agus ranganna teagaisc, an áit is fearr le haghaidh rannpháirtíocht churaclaim. Tá aitheantas forleathan ag an timpeallacht foghlama uathúil agus láidir a chuireann sí chun cinn, rud a fhágann go bhfuil sí ina príomhspreagadh do mhic léinn dul ar an gcampas go minic. Ní chuireann áit ar bith eile an spás cruinnithe agus cothromaíocht fhoirfe na gcoinníollacha ar fáil atá riachtanach le haghaidh rannpháirtíocht thumtha ag an am céanna in iliomad réimsí agus ábhar. Cuidíonn réimse na n-ábhar, an pobal gníomhach cleachtais, an fhoireann thacúil, thuisceanach agus eolach, an timpeallacht agus an teicneolaíocht oiriúnaithe go léir an fócas curaclaim is fearr a chur chun cinn. Ag an am céanna, tá rochtain úsáideora ar ábhair simplithe agus gan srian den chuid is mó. Tugann na cúinsí seo an rogha agus an neamhspleáchas is mó don fhoghlaimeoir. Soláthraíonn sé deis do shealbhú faisnéise gan choinne, iarracht chruthaitheach agus giniúint smaointe, agus ag an am céanna cuireann sé ar ár gcumas teacht ar thuiscint nua, iompraíochtaí, scileanna agus roghanna nua ó phobal foghlaimeoirí a bhfuil an dearcadh céanna acu, agus é seo uile laistigh de chultúr sármhaitheasa na hOllscoile.



Comhthéacs

Tá athrú mór tagtha ar thimpeallacht foghlama an ardoideachais, agus athrú béime ó theagasc go foghlaim. Foghlaimíonn mic léinn an lae inniu go neamhspleách agus is mór acu áiseanna a chuireann ar a gcumas smaointe a iniúchadh go neamhspleách. Tá níos mó béime ar rannpháirtíocht, idirghníomhú le disciplíní eile agus foghlaim neamhspleách taobh amuigh de na léachtaí. Teastaíonn spás cuí chun foghlaim go gníomhach, go comhoibritheach agus go sóisialta. Tá sé an-tráthúil, dá bhrí sin, go dtugann straitéis na hOllscoile go 2025 tiomantas do “Leabharlann nua a mbeidh Ionad Foghlama inti a spreagfaidh agus a thacóidh le cineálacha nua foghlama agus rannpháirtíochta”.

Beidh an foirgneamh nua Leabharlainne ina spás foghlama, taighde, comhoibrithe agus machnaimh [AE06](#), [PB03](#). Spreagfaidh sé cruthaitheacht agus inspreagadh, soláthróidh sé solas nádúrtha agus spásanna machnamhacha, agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí foghlama de réir mar is cuí. Cuirfidh an timpeallacht seo borradh faoi phobail chleachtais i gcás ina roinntear agus ina n-uasmhéadaítear stór iompraíochtaí, acmhainní agus freagraí ar imeachtaí de réir mar a fhoghlaimíonn cleachtóirí óna chéile [AE03](#).

Beidh rochtain ar thacaíocht ardchaighdeán mar chrann taca leis an úsáid éifeachtach a bhainfear as an tsaoráid nua [AE02](#). Aithníonn foireann na Leabharlainne éagsúlacht na mac léinn, agus tuigtear an réimse eispéireas agus turas dúshlánach a bhíonn ag mic léinn ó go leor cúlraí éagsúla [CR01](#). Beidh ár bhfócas ar ionchais na mac léinn a chomhlíonadh agus cabhrú leo a mianta a bhaint amach san ollscoil agus ina dhiaidh sin, lena n-áirítear forbairt scileanna don fhoghlaim, don saol agus don obair [CE02](#). Beidh meascán ar fáil de thacaíocht ar líne, deasc chabhrach inrochtana, agus teagasc i scileanna cosúil le litearthacht dhigiteach agus scríbhneoireacht acadúil, iad uile nasctha trí shaoránacht dhomhanda a chur chun cinn agus obair ar mhaithe leis an tsochaí [AE03](#), [CE04](#).

Tosaíochtaí

Timpeallacht Foghlama

Is ionann an tionscadal d'fhoirgneamh nua Leabharlainne agus timpeallacht foghlama spreagúil a bhaint amach. Rachaidh foireann na Leabharlainne i gcomhpháirtíocht le dreamanna eile chun áit phobail, intleachtúil agus shóisialta, a dhearadh don Ollscoil. Teicneolaíocht uileláithreach, áiseanna le haghaidh comhoibrithe, spásanna ilchineálacha agus ildánacha chun freastal ar riachtanais éagsúla, compord, tacaíocht inrochtana, cóiríocht foirne oiriúnach agus uaireanta oscailte fada na nithe a bheidh riachtanach [AE06](#), [PB03](#).

Bailiúcháin Leabaithe

Cuirfidh clár sealbhaithe réamhbheartaithe chun acmhainní faisnéise éagsúla agus forluiteacha a fháil i bhformáidí éagsúla ar chumas bhailiúcháin na Leabharlainne modhanna éagsúla rannpháirtíochta a sholáthar agus rogha agus neamhspleáchas an duine aonair a chur chun cinn [CR01](#), [CE02](#). Cuirfidh an Leabharlann feabhas ar ábharthacht, luach agus údaracht na gclár foghlama trí leanúint ar aghaidh le cartlanna, bailiúcháin speisialta agus bunfhoinsí eile a chur ar fáil don teagasc agus don fhoghlaim.

Scileanna Acadúla

Bíonn mic léinn ag iarraidh scileanna riachtanacha inaistrithe a fhorbairt chun iad a ullmhú do shaol na fostaíochta agus do roghanna saoil sa todhchaí. Leanfaidh an Leabharlann uirthi ag forbairt a clár litearthachta faisnéise, a chuireann cur chuige criticiúil chun cinn maidir le foinsí a aithint agus a úsáid, agus litearthacht dhigiteach, a dhíríonn ar ghnéithe mar chruthú ábhair, cumarsáid, comhoibriú agus saoránacht dhigiteach fhreagrach [CE01](#), [CE02](#), [AE03](#).



Taighde a Thiomáint

An Fhís do 2025

Is mol lárnach an Leabharlann agus is príomhchumasóir barr feabhais taighde í, ag cur luach nua leis an bpróiseas taighde trí shaineolaithe foirne agus sainseirbhísí. Tuigean an fhoireann mianta taighde claochlaitheacha na hOllscoile agus léiríonn sí iad. Tá éagsúlacht scileanna agus cúlraí acu, agus ról lárnacha acu mar chomhpháirtithe le linn na timthrialla taighde. Trí bheith ag déileáil le gach disciplín nascann an Leabharlann taighdeoirí lena chéile, ag tabhairt le chéile an raon scileanna a theastaíonn chun dúshlán dhomhanda a réiteach. Bíonn taighdeoirí níos táirgiúla agus nuálaíocht níos fearr má bhíonn rochtain ar bhailiúcháin den scoth, forbairt bonneagair do scoláireacht dhigiteach, sainfheidhmeanna mar shampla tacaíochtaí maoirseachta sonraí, agus cláir atá deartha chun go mbeidh taighdeoirí in ann na scileanna agus na huirlisí a theastaíonn chun athrú a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm laistigh dá réimsí.

Comhthéacs

Bhí tionchar nach beag ag an teicneolaíocht ar thaighde le déanaí. Cuireann rochtain chomhroinnte líonra taighde domhanda, comhoibritheach, foirne agus tras-institiúideach chun cinn, rud a chiallaíonn go mbíonn dubailt ar líon na bpáipéar eolaíochta a bhfuil comhúdar idirnáisiúnta orthu. Luaitear comhoibriú taighde le 3,267 institiúid idirnáisiúnta in 114 tír agus comhúdar idirnáisiúnta ar bheagnach 60% dár bpáipéir taighde i straitéis na hOllscoile. Soláthraíonn bonneagair theicneolaíochta, ardáin agus uirlisí sreafa oibre atá ag teacht chun cinn rochtain níos fearr ar raon ábhar taighde, lena n-áirítear leabhair nótaí shaotharlainne, ceistneoirí, cód bogearraí agus tacar sonraí. Tá níos mó béime ar shonraí sa taighde anois agus ar an ríomhaireacht sna disciplíní ar fad, ní sna heolaíochtaí amháin, agus cuimsíonn scoláireacht dhigiteach dul chun cinn taighde na ndaonnachtaí digiteacha.

Cuimsíonn ról na Leabharlainne i dtaighde teagmháil le léann oscailte, tionchar taighde, scoláireacht dhigiteach, bainistíocht sonraí taighde agus forbairt scileanna taighdeora ^{AP04}. Léiríonn sé seo leathnú le déanaí a leanfaidh ar aghaidh, mar aon leis an infheistíocht i soláthar foirne, teicneolaíochtaí agus bailiúcháin. Beidh solúbthacht agus meascán scileanna agus cúlraí le sonrú i measc thréithe fhoireann na leabharlainne atá i gcomhpháirtíocht le taighdeoirí agus le foirne inmheánacha eile. Beidh a gcuid saineolais rithábhachtach do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairm ^{AE11}. Teastaíonn infheistíocht in ardáin teicneolaíochta chun ról na Leabharlainne a mhéadú i gcúrsaí coimeádaíochta agus foilsitheoireachta. Cuirfidh cruthú agus foilsíú acmhainní nua ar líne sa Leabharlann, mar shampla cartlanna digiteacha agus tacar sonraí coimeádaíthe, leis na modhanna nua fiosrúcháin, i ndisciplíní éagsúla go minic ^{CE10}. Beidh taighdeoirí ag brath ar rochtain ar bhailiúcháin den scoth i ngach formáid, lena n-áirítear bunábhair uathúla.

Beidh dlúthchaidreamh leis an bpobal taighde mar bhonn agus taca le forbairt na gclár scileanna sa Leabharlann chun táirgiúlacht taighdeoirí a fheabhsú. Beidh comhpháirtíochtaí leis an Oifig Taighde agus leis an Oifig Staidéir larchéime rithábhachtach chun tuiscint mhaith a fháil ar riachtanais agus ar bhrúphointí ach freisin is deiseanna comhoibrithe iad.

Tosaíochtaí

Scoláireacht Dhigiteach

Déanfaidh an Leabharlann a Straitéis Scoláireachta Digití a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag cuimsiú raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear digitiú agus caomhnú digiteach, bainistíocht sonraí taighde agus coimeádaíocht na mbailiúcháin digitghinte. Beidh soláthar spásanna, uirlisí, trealamh agus oiliúna do scoláireacht dhigiteach mar thosaíocht agus beidh tionchar aige ar an athrú ar fhoirgneamh na Leabharlainne ^{AE06}, ^{PB03}. Idir an dá linn, úsáidfear Cúinne na Cruthaitheachta mar ionad nuálaíochta mearfhreagartha.

Bailiúcháin Taighde

Tá go leor i gceist le bailiúcháin Leabharlainne a fhorbairt le haghaidh taighde. Go háitiúil, beidh an chuid is nuaí de na cartlanna agus de na bailiúcháin speisialta i gceist chomh maith le cur chun cinn agus an úsáid is iomláine a bhaint as na bailiúcháin uathúla atá againn cheana féin. Go náisiúnta, leanfaidh an Leabharlann uirthi ag cur go mór le forbairt IReL, ríomhleabharlann Taighde na hÉireann, mar bhonneagar taighde riachtanach ^{CC05}. Beidh béim láidir ar na scileanna nua a neadú a theastaíonn ó thaighdeoirí chun bailiúcháin éagsúla a úsáid go héifeachtach.

Rannpháirtíocht sa Phobal

Cuirfidh athchóiriú Oileán Altanach mar cheantar nuálaíochta agus spás cultúrtha agus taibhithe a fhorbairt ar chumas na Leabharlainne comhpháirtíochtaí campais-pobail a chothú ^{CC02}, ^{PB01}, ^{PB02}. Déanfaidh na comhpháirtíochtaí seo an pobal i gcoitinne a mhealladh lenár raon leathan acmhainní digiteacha, cultúrtha agus oidhreachta agus cuirfidh siad taighde sluafoinsithe agus eolaíocht saoránach chun cinn ^{CC04}, ^{AP13}.

Sármhaitheas a Chothú

An Fhís do 2025

Go mbeidh taithí dhearfach shaibhir ag gach duine a úsáideann an Leabharlann. Go gcasfaidh tú ar fhoireann atá ag éirí níos éagsúla agus atá tiomanta d'ardchaighdeán agus dá scileanna agus seirbhísí a fhorbairt de réir mar a athraíonn do riachtanais. Go mbeidh seirbhísí Leabharlainne éasca le húsáid agus inrochtana do chách go pearsanta nó ar líne. Go mbeidh tú bródúil as foirgneamh nua na Leabharlainne mar áit le cuairt a thabhairt uirthi atá lán le féidearthachtaí, spás a spreagann léann, cruthaitheacht agus idirghníomhaíocht, a chuimsíonn ár gcampas mar phobal atá bunaithe ar eolas. Go léiríonn cleachtais inbhuanaithe feasacht ar fhreagracht dhomhanda chomh maith le freagracht áitiúil agus réigiúnach. Gur tosaíocht bheo í an sármhaitheas, a léirítear go soiléir i ngach a dhéanann an Leabharlann.



Comhthéacs

Cuireann an Leabharlann sármhaitheas chun cinn trí chur ar chumas an léinn bláthú agus trí eispéireas a sholáthar a spreagann fiosracht, feasacht ar inbhuanaitheacht dhomhanda agus an fonn leas an phobail a chur chun cinn. Is dhá philéar iad an cultúr agus an timpeallacht fhisiciúil chun sármhaitheas a bhaint amach mar fhórsa tiomána don Leabharlann. Tá eitic láidir seirbhíse ag leabharlanna le fada an lá agus ní haon eisceacht í OÉ Gaillimh. Is é ár n-uaimhian ná tógáil ar ár gcultúr trí bheith airdeallach ar roghanna agus iompraíochtaí úsáideoirí agus muid ag iarraidh feabhsú ag an am céanna, agus muid spreagtha ag feasacht ar riachtanais athraitheacha mar aon le bheith íogair ar leas gach duine ^{CR05, CR10}.

Chomh maith le tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna foirne agus d'earcaíocht éifeachtach tá dhá riachtanas phráinneacha eile tagtha chun cinn. Is é an chéad cheann éagsúlacht ár bhfórsa saothair a mhéadú chun freastal níos fearr a dhéanamh ar ár n-úsáideoirí éagsúla ^{AR08}. Cuimseoidh an iarracht seo béim leanúnach ar chomhionannas, éagsúlacht agus ar chuimsiú i ngach a ndéanaimid ^{CR01}. Féachfar ar dheiseanna níos mó fostaíochta a thairiscint do mhic léinn agus leas a bhaint as a gcuid tallann agus a gcuid peirspictíochtaí. Ar an dara dul síos, beidh pleanáil chomharbais mar thosaíocht de bhrí go sroichfidh níos mó ná an ceathrú cuid d'fhoireann na Leabharlainne an gnáthaois scoir a bhíodh ann go dtí le déanaí. Beidh béim láidir ar scileanna ceannaireachta a chothú don chéad ghlúin eile d'fhoireann bhainistíochta na Leabharlainne, agus ar chomhaltaí foirne a chumhachtú ^{CE01, CE04, AE01}.

Tá deis aonuaire ag an Ollscoil timpeallacht fhisiciúil fhoirgneamh na Leabharlainne a athrú ó bhonn. Léireoidh an foirgneamh luachanna na hOllscoile ^{CV01}. Léireoidh sé an léann mar áit an-daonlathach, oscailte do gach disciplin agus a chuireann gach pobal san áireamh ^{CP03, AP01, AP02, PB06}. Beidh an inbhuanaitheacht mar phríomhphrionsabal chun bonn eolais a chur faoin tógáil agus feidhmiú, ag cruthú eiseamláir chun cleachtais chomhshaoil éifeachtacha a spreagadh i ngach duine a úsáideann ^{AS03, AS05, AS13}. Thar aon ní eile, le tiomantas fhoireann na Leabharlainne do sheirbhís den scoth, beidh

an foirgneamh rathúil do gach duine.

Beidh cultúr comhairliúcháin, comhpháirtíochta agus díongbháilteachta na Leabharlainne tábhachtach chun an foirgneamh a athrú agus do thionscadail eile. Beidh sé rithábhachtach oibriú go héifeachtach le daoine eile chun torthaí den scoth a sholáthar. Beidh freagracht i leith ár ról réigiúnach agus náisiúnta le feiceáil trí thiomantas don Ghaeilge i seirbhísí agus i mbailiúcháin na Leabharlainne ^{CR12, CP06}. Déanfar é seo sa bhreis ar an misean domhanda atá againn maidir le hinbhuanaitheacht a chleachtadh agus rochtain ar fud an domhain ar ábhar a dhéanann an Leabharlann a dhigitiú nó a fhoilsiú ar líne a chur chun cinn.

Tosaíochtaí

Foirgneamh Nua

Tiomantas do thimpeallacht foghlama athraithe a dhearadh mar ardán do rannpháirtíocht agus nuálaíocht na mac léinn ó thaobh teagaisc agus measúnaithe de, agus na deiseanna a chuirtear ar fáil d'fhoireann na Leabharlainne a thapú chun seirbhísí agus taithí úsáideora nua a sholáthar ^{AE06, PB03}.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a choinneáil chun tosaigh i ngach oibríocht, idir earcú agus forbairt foirne, rialachas, pleanáil seirbhíse agus forbairt bailiúcháin ^{CR01}.

Inbhuanaitheacht Dhomhanda

Glacadh le dearcadh domhanda, ag baint oiread úsáide agus is féidir as an inbhuanaitheacht i dtéarmaí cleachtais chomhshaoil, socruithe oibre agus bainistíocht acmhainní agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ^{CS03, CS07, AS01}.

Cumarsáid den scoth

An méid atá le tairiscint ag an Leabharlann a chur in iúl go héifeachtach, agus béim chomhionann á cur ar éisteacht le haiseolas ó úsáideoirí agus freagairt dó ^{CC07}.

TIOMANTAIS

Nasc le Straitéis na hOllscoile

Mar a léiríodh ar fud na cáipéise seo trí úsáid a bhaint as cóid alfa-uimhriúla i bhforscript ag pointí éagsúla, comhlíonfaidh Straitéis na Leabharlainne na gealltanais seo a leanas, Príomhghníomhartha agus tosaíochtaí forbartha caipitil i bplean straitéiseach na hOllscoile, *Fís i gCoiteann, Múnlaith ag Luachanna.*

Pobal Ollscoile ina bhfuil Meas ar chách

- **CR01** Cuirfimid an comhionannas agus an éagsúlacht chun cinn san Ollscoil go réamhghníomhach, agus tabharfar aitheantas do thaithí aonair gach duine.
- **CR05** Díreimid ar thacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn ina gcúrsaí léinn, ina ndul chun cinn agus ina bhfolláine mar chuid de phobal ina dtabharfar ugach dóibh barr a maitheasa a bhaint amach ar bhealach iomlánaíoch agus inspioráideach.
- **CR10** Is féidir le gach duine a oibríonn ar champaís OÉ Gaillimh a bheith ag súil go gcuirfí ar a gcumas oibriú i dtimpeallacht dhearfach agus shábháilte, ina bhfuil tuiscint ar riachtanais fhisiciúla, intleachtúla agus folláine na bhfostaithe.
- **CR12** Agus tuiscint againn ar an ról uathúil agus údarásach atá ag an Ollscoil seo i sochaí agus i ngeilleagar ár réigiúin, oibreoimid le gnólachtaí, le heagraíochtaí agus le líonraí fud fad iarthar na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil an ollscoil ag déanamh freastal cuí ar an réigiún.

OÉ Gaillimh atá Oscailte

- **CP02** Forbróimid cultúr cuimsitheach a fhéachann le rochtain ar an oideachas a fheabhsú, comhoibriú a éascú, agus a thacóidh lenár bpobal, beag beann ar an gcúlra atá acu.
- **CP03** Déanfaimid infheistiú i dtimpeallacht fhisiciúil a chinnteoidh go bhfuil ár n-ollscoil oscailte agus inrochtana dár bpobail uile.
- **CP04** Cuirfimid romhainn tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí trí dhul i gcomhar le hollscoileanna, le heagraíochtaí agus le pobail eile, go háitiúil agus go hidirnáisiúnta, chun go n-éascófar cruthú agus roinnt eolais, saíneolais agus teicneolaíochtaí.
- **CP06** Oibreoimid as lámha a chéile lenár bpobail chun cur lenár gcampas dátheangach agus chun an páisean atá againn don Ghaeilge a roinnt leis an domhan mór.

OÉ Gaillimh atá Inbhuanaithe

- **CS03** Déanfaimid ár n-ollscoil a ullmhú don todhchaí trína chinntiú go mbeidh gach ceann dár n-oibríochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus sa chomhthéacs sóisialta agus airgeadais.
- **CS07** Agus muid ag tógáil ar obair Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta an Phobail agus na hOllscoile agus ar a cur chuige i leith na hinbhuanaitheachta ‘foghlaim-mair-spreag’ i misean na hollscoile trí chéile, déanfaimid an inbhuanaitheacht a neadú inár gcultúr, ár bpolasaithe oibriúcháin agus ár struchtúir rialachais, agus féachfaimid lenár bpobail a chumhachtú chun bheith ina n-eiseamláirí inbhuanaitheachta.

OÉ Gaillimh atá Saineolach

- **CE01** Tacóimid le huaillmhian agus féachfaimid le barr feabhais ár ndaoine a éascú, ar ceannairí, nuálaithe agus smaointeoirí criticiúla iad a bhfuil an-dúil acu an domhan mór a thuiscint, a oiliúint agus a fheabhsú.
- **CE02** Féachfaimid le heispéireas teagaisc agus foghlama den scoth a chur ar fáil a bheidh dírithe ar an mac léinn agus treoraithe ag an taighde. Déanfar tuilleadh infheistíochta chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar a chabhróidh le smaointeoireacht chriticiúil, ceannaireacht, gairmiúlacht agus infhostaitheacht a fhorbairt.
- **CE04** Cuirfimid cláir forbartha ar fáil, lena n-áirítear meantóireacht, cóitseáil agus oiliúint, agus cuirfimid lenár dtimpeallacht fhisiciúil agus fhíorúil d’fhonn ár bhfoireann, mic léinn agus comhpháirtithe a chumasú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.
- **CE10** I gcomhpháirt lenár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus ar fud an domhain, cuirimid fáilte roimh thaighde uaillmhianach a chuirfidh bonn taca faoi na réimsí a bhainfidh poitéinseal amach le cabhair sonraí agus teicneolaíochtaí a chumasú.

Ár bPobail

- **CC02** Gheobhaimid bealaí nua chun ár gcomhpháirtíochtaí le grúpaí pobail agus eagraíochtaí i réigiún na Gaillimhe a láidriú ar bhealach oscailte agus uilechuimsitheach.
- **CC04** Rachaimid i gcomhar le heagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, go háitiúil agus ar fud na tíre, chun ceiliúradh a dhéanamh ar ár gcultúr sáiniúil agus chun léiriú cultúir a chur ar fáil do chách.
- **CC05** Beidh caidreamh gníomhach againn leis an rialtas, comhlachtaí stáit, gníomhaireachtaí forbartha, grúpa ospidéal Saolta agus le hinstiúidí oideachais eile féachaint leis an gcion a dhéanaimid don fhorbairt réigiúnach agus náisiúnta a uasmhéadú.
- **CC07** Samhail Meitheal Bunóimid Meitheal Scoláirí a théann i dteagmháil le mic léinn chun muinín agus comhoibriú sa chinnteoireacht inár n-Ollscoil a fheabhsú.

Ár Luachanna

- **CV01** Is ionann ár gcroíluachanna agus taithí bheo ár ndaoine, agus iad siúd a bhfuilmid ag maireachtáil leo, ag foghlaim leo agus i gcomhpháirtíocht leo.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

Pobal Ollscoile ina bhfuil Meas ar chách

- **AR08** Cuirfimid le héagsúlacht na struchtúr ceannaireachta agus ollscoile chun ionadaíocht a dhéanamh ar phobal OÉ Gaillimh atá ag éirí níos éagsúla.

OÉ Gaillimh atá Oscailte

Rochtain agus Cuimsiú

- **AP01** Cuirfimid clár forbartha caipitil i bhfeidhm a bheidh mac léinn-lárnaithe, dírithe ar an bpobal agus a bheidh comhfhiosach ar mhíchumas, chun rochtain ar agus rannpháirtíocht lenár gcampas agus lenár n-áiseanna a fheabhsú
- **AP02** Glacfaimid le Prionsabail an Dearaidh Uilíoch inár dtimpeallacht foghlama agus oibre chun inrochtaineacht a mhéadú, freastal a dhéanamh ar na bealaí éagsúla foghlama agus chun cabhrú le mic léinn barr a gcumais a bhaint amach
- **AP03** Agus muid ag tógáil ar ár n-ainmniúchán mar Ollscoil Tearmainn, forbróimid réimse tacaíochtaí do gach pobal ar mian leo rochtain a fháil ar an ardoideachas
- **AP04** Cruthóimid Pobal Léinn Oscailte ina ndéantar próiseas, ábhar agus torthaí taighde a bhainistiú go heiticiúil agus atá inrochtana go hoscailte, agus cuirfear úsáid agus táirgeadh Acmhainní Oideachais Oscailte chun cinn

Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí

- **AP06** Déanfaimid straitéis shoiléir a fhorbairt agus a chur chun feidhme don idirnáisiúnú agus don chomhar idirnáisiúnta a chabhróidh le tionchar agus le clúdach na hOllscoile a uasmhéadú ar bhonn domhanda i gcomhthéacs chlár an Rialtais, Éire Dhomhanda
- **AP13** Déanfaimid taighde feidhmeach a neadú san Ollscoil trí chéile trí chuireadh a thabhairt don phobal a bheith páirteach inár ngníomhaíochtaí taighde, agus trí chomhoibriú leo



OÉ Gaillimh atá Inbhuanaithe

Athruithe dearfacha a chur chun feidhme ar an gcampas

- **AS01** Síneoidimid Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG), cuirfimid romhainn iad a chur i bhfeidhm agus díreoidimid ar stádas Seaimpin SDG a bhaint amach
- **AS03** Beidh an inbhuanaitheacht chun cinn inár bhfoghlaim, inár dtaighde agus in eispéireas na mac léinn ionas gur féidir leis an bpobal campais an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth a ghnóthú chun bheith ina n-eiseamláirí agus ina gceannairí inbhuanaitheachta
- **AS05** Glacfaimid le teicneolaíochtaí iontaofa nua chun cur le héifeachtacht fuinnimh ár bhfoirgneamh agus lenár Rátáil Fuinnimh Foirgnimh trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpleanáil agus i bhforbairt uile Rannóg na bhFoirgneamh agus na nEastát faoi choimirce an Phlean Gníomhaithe náisiúnta ar son na hAeráide
- **AS13** Leagfaimid spriocanna uaillmhianacha amach dúinn féin i réimse dearaidh agus inbhuanaitheachta foirgneamh

OÉ Gaillimh atá Saineolach

Daoine

- **AE01** Cuirfimid Straitéis do Dhaoine i dtoll a chéile agus i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas comhghleacaithe a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a thacóidh le OÉ Gaillimh a uaillmhianta a bhaint amach, lena n-áirítear clár struchtúrtha d’oiliúint, forbairt agus meantóireacht foirne
- **AE02** Tacóimid agus cuirfimid feabhas ar aistriú agus ar dhul chun cinn na mac léinn trí Straitéis Rathúlachta na Mac Léinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus trí infheistíocht a dhéanamh i bpróisis agus i gcórais nua, tríd an gclár Conairí Digiteacha na Mac Léinn, a fhreastalaíonn ar riachtanais na mac léinn agus a ullmhaíonn an ollscoil don todhchaí

Teagasc agus Taighde

- **AE03** Déanfaimid tacaíochtaí acadúla piaraí, tacaíochtaí scileanna acadúla agus nuálaíochtaí curaclaim a phríomhshruthú, agus tuiscint againn ar an rithábhacht a

bhaineann le barr feabhais i dteagasc agus i bhfoghlaim do mhisean na hollscoile

- **AE06** Déanfaimid ár Leabharlann a athfhorbairt don aonú haois is fiche trí Ionad Foghlama a bhunú a thacaíonn agus a spreagann cineálacha nua rannpháirtíochta i bhfoghlaim inár bpobail trí chéile

Tionchar agus Cáil

- **AE11** Oibreoidimid go gníomhach chun cáil na Gaillimhe a chothú go hidirnáisiúnta mar ionad barr feabhais i dteicneolaíocht an leighis, eolaíocht sonraí, cultúr agus cruthaitheacht, aeráid agus aigéin, beartas poiblí, agus nuálaíocht i Straitéis Fostaíochta don Todhchaí de chuid Rialtas na hÉireann
- **AE13** Forbróimid clár ábhar tarraingteach chun torthaí agus tionchar ár dtaighde agus nuálaíochta a chur ar taispeáint ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta

TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA CAIPITIL

- **PB01** Ceantar nuálaíochta nua, lena gcuimseofar campas cois abhann ar Oileán Altanach / Oileán an Iarla, ar forbairt i sin a chuirfidh dlús le hathnuachan uirbeach chathair na Gaillimhe
- **PB02** Spás eiseamláireach cultúrtha agus taibhléirithe a thabharfaidh aitheantas dár ról mar institiúid chultúrtha náisiúnta agus don chion atá déanta againn do Ghaillimh mar chathair chultúir
- **PB03** Leabharlann nua a mbeidh Ionad Foghlama inti a spreagfaidh agus a thacóidh le cineálacha nua foghlama agus rannpháirtíochta
- **PB06** Prionsabail an dearaidh uilíoch a chur chun feidhme inár bhforbairt caipitil i ngach ceann dár gcampais, agus clár chun foirgnimh níos sine a aisfheistiú d’fhonn cur le rochtain fhisiciúil do chách





NUI Galway
OÉ Gaillimh

Library
An Leabharlann



Straitéis na Leabharlainne

Leabharlann
Ollscoil na hÉireann Gaillimh,
Bóthar na hOllscoile
Gaillimh, Éire
H91 4REW



+353 91 493399



nuiglibrary



library@nuigalway.ie



nuig.library



nuiglibrary